



TIMIRE/FÁS

PLEAN 2021-2025

FAOI RÉIR AG

DÓNALL P. Ó BAOILL

AGUS

AN FOCHOISTE AIRGEADAIS IS PLEANÁLA

DEIREADH FÓMHAIR 2020

Nóta Buíochais

Thar ceann Chomhchoiste Timire-FÁS ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le Dónall Ó Baoill agus le baill an Fhochoiste as an obair mhór a rinne siad leis an bplean seo a chur le chéile. Bhain obair réidh thomhaiste leis, thar thréimhse ceithre bliana. Agus bainfidh baill an Chomhchoiste agus gach duine a bhaineann le Timire an Chroí Naofa agus le Foilseacháin Ábhar Spioradálta, sásamh as toradh na hoibre sin a léamh. Lena chois sin tá súil againn go dtabharfaidh sé idir dhóchas is ardú meanman dúinn go léir, ar suim linn traidisiúin liteartha na Gaeilge, a bheith ag súil le cothú intinne is anama, sna blianta amach romhainn.

I mbliana, 2020 beidh An Timire 110 bliain ar an bhfód agus beidh FÁS ag foilsiú leabhar le 65 bliain. Éacht é sin i stair foilsitheoireachta na Gaeilge agus ábhar ceiliúrtha, ní hamháin dúinn féin ach do Phobal na Gaeilge i gcoitinne. Ní don ghlúin seo amháin is ceart a bheith buíoch, ach do na glúnta a chuaigh romhainn. Glúnta iad a thuig an bhrí is an fuinneamh is féidir le scríbhneoireacht a chur i bpobal teanga, scríbhneoireacht atá so-léite, a aithníonn cearta canúna, agus atá beacht ó thaobh na gramadaí de, scríbhneoireacht a bhfuil substaint inti ó thaobh ábhair mharana agus smaointeoireachta de. Seo é an traidisiún a bhfuil muid mórtasach as a bheith mar oidhrí air. Seo an traidisiún a bhfuil súil againn ár gcuid a dhéanamh, sna blianta amach romhainn, lena chaomhnú is a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile.

Mar fhocal scoir is gá ár mbuíochas a chur in iúl do na léitheoirí a chuir a muinín ionainn thar na blianta; don fhoireann eagarthóirí cúnata, a thacaigh linn caighdeán ard Gaeilge a chur i gcló; d'fhoireann bheag oibre Timire-FÁS - foireann nach leasc leo dua a chaitheamh le táirgeadh na hirise is na leabhar; do Chlár na Leabhar Gaeilge as a dtacaíocht mhorálta is mhaoinithe do FÁS; do na heagrais a chuir fógraí sa Timire, go háirithe Coiscéim agus Glór na nGael, a thacaigh linn idir fhógraí, altannana, thacaíocht mhorálta is mhaoinithe. Ach thar ceann aos léite is oibre Timire-FÁS is mithid buíochas ar leith a ghabháil le Cumann Íosa in Éirinn as a dtacaíocht mhorálta is mhaoinithe. Gan an dúshraith a leagann tacaíocht an Chumainn faoinár gcuid oibre, ní beo a bheadh an chuid s'againne de fhoilsitheoireacht na Gaeilge.

FMacB

CLÁR

RANNÓG 1	7
RANNÓG 2	11
RANNÓG 3	13
RANNÓG 4	17
RANNÓG 5	21
AGUISÍN A	27
AGUISÍN B	33
AGUISÍN C	35

RANNÓG 1

CÚLRA GINEARÁLTA

1.1 RÉAMHRÁ

Shocraigh Comhchoiste Timire/FÁS (CTF) siar sa bhliain 2016/17 gur cheart don Fho-choiste Airgeadais agus Pleanála Timire/FÁS (FAPT/F) Plean 5 bliana a chur i dtoll a chéile a thabharfadh léiriú ar obair CTF agus a chuirfeadh treoir ar fáil d’obair CTF le linn na tréimhse sin. Tá baill an Fho-choiste liostaithe in Aguisín B.

Cé go raibh cruinnithe idir T/FÁS agus Cumann na Sagart¹ le tamall anuas le súil a theacht ar chomhoibriú leo maidir le foilseachán ábhar spioradálta, bhí an FAPT/F den tuairim gur cheart an Plean a ullmhú ar an tuiscint agus ar an bhonn go leanfaidh an T/FÁS ar aghaidh faoi mar atá cúrsaí san am i láthair ó tharla an saineolas agus an taithí chuí againn chuige sin. Táimid agus beimid san am atá romhainn lánsásta comhoibriú le dream ar bith eile atá ag plé le foilsitheoireacht as Gaeilge.

Bhí **10 gcruinniú ar fad** ag an Fho-choiste maidir leis an Phlean agus rinneadh cíoradh leathan ar an obair atá agus a bheas ar siúl ag **Timire-Foilseacháin Ábhair Spioradálta (T/FÁS)** agus cinneadh go gcuirfí toradh na hoibre i láthair an phobail faoi cheannteidil ar leith ionas go bhfeicfidh léitheoirí an bunús agus an leanúnachas a bhainfidh le hobair CTF feasta sa tréimhse 5 bliana atá amach romhainn. Cuirtear toradh na hoibre i láthair faoi cheannteidil ar leith le trasléiriú cruinn a thabhairt ar na gnéithe ar fad den obair a bhíonn idir lámha ag CTF. Is mar threoir agus mar chuidiú dar léitheoirí a chuireann muid na cinntí sin atá déanta ag FAPT/F os bhur gcomhair.

Cuireadh an dréacht deiridh den Phlean os comhair CTF ar an 13.11.2019. Rinneadh roinnt moltaí faoi ábhar an dréachta a cheadú agus glacadh leis an dréacht a bhí os comhair an chruinnithe mar an téacs deiridh. Iarradh ar FAPT/F leanúint ar aghaidh le hullmhú an leagan deiridh agus cibé ar bith eagarthóireacht riachtanach a bhí de dhíth a dhéanamh ar an Phlean sula gcuirfí i gcló é ag deireadh 2020. Tá sé i gceist an Plean críochnaithe a chur os comhair Chumann Íosa agus Chlár na Leabhar Gaeilge agus ansin cuirfear ar fáil don phobal é.

1.2 Stair Timire/FÁS

Is é **An Timire** an iris Ghaeilge is sine dá bhfuiltear a fhoilsiú faoi láthair. Bunaíodh í in 1911, agus foilsítear í gach ráithe. Pléann sí cúrsaí creidimh, cúrsaí cultúrtha agus sóisialta. An phríomhaidhm atá ag An Timire ná spreagadh agus tuiscint a thabhairt do bhaill Aspalacht na hUrnaí ar intinní an Phápa, trí altanna suimiúla agus ábhar atá inspéise do chách a chur ar fáil, agus chomh maith leis sin, ábhar léitheoireachta is machnaimh a chur ar fáil do lucht léite na Gaeilge ar na hábhair thuasluaite.

Bunaíodh **Foilseacháin Ábhair Spioradálta (FÁS)** i 1956 faoi choimirce Ord na nÍosánach, chun leabhair a sholáthar i nGaeilge ar ábhair a bhaineann le creideamh agus

¹ Is ar iarratas ó Chlár na Leabhar Gaeilge a cuireadh tús leis na comhráite seo.

leis an gcultúr Críostaí. Tá leabhair á bhfoilsiú go rialta ó shin. Trí (3) leabhar sa bhliain is gnách a fhoilsiú. De réir an Bhunreachta, is é an aidhm atá le FÁS: *‘Cur leis an líon leabhar ar chúrsaí spioradálta a fhoilsítear i nGaeilge, in aghaidh na bliana.’* Tagair d’Aguisín B.

In Eanáir 2000 ghlac an tSiúr Eilís Ní Thiarnaigh, bean rialta agus diagaire de chuid Shiúracha San Lughaidh, agus Séamus Mac Giolla Ruaidh, cúram FS orthu féin, is d’fhan ina bhun go dtí mí na Nollag 2007. Sa bhliain 2008 chuir na hÍosánaigh oifig ar fáil do FÁS agus do Thimire an Chroí Ró-Naofa araon, i Sráid Líosáin Íochtarach i mBaile Átha Cliath. An bhliain chéanna sin, 2008, tháinig Alan Mac Eochagáin, Íosánach, i gcomharbacht ar an tSiúr Eilís is d’fhan ina bhun go dtí 2012. Frainc Mac Brádaigh, Íosánach eile, atá ina bhun faoi láthair. ²

² Amharc ar ‘Eolas Fúinn’ ar shuíomh idirlín timire.ie.

RANNÓG 2

ULLMHÚ AN PHLEAN

2.1 An Riachtanas atá le Plean

Is iomaí riachtanas a bhíonn le Plean agus is ceart dúinn anois míniú a thabhairt ar na cúiseanna a bhí againn Plean a leagan amach do Timire/FÁS.

Sa chéad áit, is gá seasamh siar ó am go chéile le scrúdú a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú san áit oibre agus i gcúrsaí foilseachán Timire/FÁS. Is léir ón scrúdú a rinne an Fo-choiste gur bhraith siad go raibh go leor rudaí ar cheart socruithe níos cinnte a dhéanamh fúthu don am atá le theacht.

Is ceart chomh maith plé go díreach macánta le riachtanais an tsaoil, mar a athraíonn siad agus mar a théann siad i gcion ar aon ghnó a bhíonn ar siúl i ngnóthaí foilsitheoireachta a bhaineann le hirísí agus leabhair mar atá i gcás Timire/FÁS.

Tá athruithe móra ag teacht ar chúrsaí foilseacháin sa ré dhigiteach seo ina mairimid agus is gá freastal orthu sin agus súil ghéar a choinneáil ar na hathruithe atá ag tarlú agus ar na himpleachtaí atá ag baint leo. Tá buanna agus buntáistí ag baint le forbairtí nua agus tá dúshláin ar leith ag baint leo. Mar sin féin, ní féidir agus ní fiú iad a sheachaint.

Cuireann Plean a bhíonn bunaithe agus tógtha ar fhíricí bonn níos cinnte faoi obair de chineál ar bith agus sa chás seo obair leanúnach Timire/FÁS. Ní hamháin sin ach cuireann sé treoir faoin obair agus leagann sé amach spriocanna atá le baint amach agus is slata tomhais tábhachtacha na spriocanna sin.

Bíonn Plean i gcónaí ar fáil mar sprioc thagartha do líon mór daoine idir cheannairí, thaighdeoirí, riarthóirí agus fhoireann oibre Timire/Fás, go háirithe sa chás go mbíonn easaontas ann faoi aon ghné den obair.

2.2 Bunphrionsabail an Phlean

Leag an Fo-choiste amach na bunphrionsabail ar a mbunófaí bunchuspóirí agus aidhmeanna an Phlean agus déanann *Fís* agus *Misean an Timire/Fás* cur síos agus coimriú orthu i bhfoirm atá so-thuigte agus bunaithe ar an obair atá déanta agus á déanamh ag Timire/FÁS. Táthar ag súil go leanfar ar aghaidh ag comhlíonadh spiorad agus substaint na Físe agus an Mhisin sin sna blianta atá amach romhainn. Tá cur síos go hachomair orthu anseo síos.

RANNÓG 3

FÍS agus MISEAN

3.1 Fís

Is í seo a leanas an Fhís atá le gach gné de chuid oibre Timire/FÁS mar a léirítear é ina gcuid foilseachán ó bhliain go bliain:

Pobal na Gaeilge a nascadh lena spioradáltacht agus lena dhúchas féin, ag teacht le meon Vatacáin 2.

3.2 Misean

Chomh fada is a bhaineann le Misean Timire/FÁS, leagtar amach é i bhfoirm choimrithe faoi (a) go (f) thíos:

(a) *Ábhar léitheoireachta a chur ar fáil*, i gcló agus ar-líne, faoin spioradáltacht, faoi chultúr agus faoi chúrsaí sóisialta an phobail ghaelaigh.

(b) *Leabhair FÁS a dháileadh* ar phobal níos leithne.

(c) *'An Timire' a fhorbairt sa traidisiún Iognáideach* agus míle fáilte roimh inspioráidí ó thraidisiúin eile de chuid na Críostaíochta.

(d) *Tacú le hurnaí na muintire* trí Aspalacht na hUrnaí/Líonra Domhanda Urnaí an Phápa.

(e) *Ar a laghad trí cinn de leabhair Ghaeilge* ar ardchaighdeán agus faoi ábhair éagsúla a fhoilsiú gach bliain.

(f) *Cumarsáid a chothú le pobal leathan* trí fhorbairt na bhfoilseachán, trí dhíolachán a mhéadú agus trí bheith i síorláthair sna nua-mheáin.

3.3 Tosaíochtaí Chumann Íosa

Tháinig eolas faoinár mbráid i dtús na bliana 2019 ó Uachtarán Ginearálta Chumann Íosa faoi thosaíochtaí nua don Chumann don chéad deich mbliana seo amach romhainn.

Thug muid faoi leagan Gaeilge díobh a chur ar fáil agus seo a leanas na ceithre phríomhthosaíocht atá molta anois ag Cumann Íosa faoina gcruth Gaeilge.

- (a) An Bealach chun Dé a thaispeáint do dhaoine trí úsáid Chleachtaí Spioradálta Iognáid agus trí úsáid a bhaint as féith na hÉargna (tuiscingt).
- (b) An bóthar a shiúl in éineacht le daoine bochta agus leo siúd atá caite i leataobh.
- (c) Tionlacan a thabhairt do dhaoine níos óige le cur ar a gcumas todhchaí lán le dóchas a chruthú.

- (d) Oibriú i gcomhar le daoine eile chun aire a thabhairt don chruinne bheag seo againne arbh í ár n-áras cónaithe í.

Tá gach iarracht déanta againn na tosaíochtaí seo a fhí isteach sa Phlean faoi ghnéithe éagsúla den obair a bhíonn ar siúl ag T/FÁS mar atá sé leagtha amach againn anseo síos.

3.4 Comhoibriú le Cumann Íosa 2021-2025

Is ceart a dhearbhu don phobal gur ‘Teach Foilsitheoireachta’ é Timire/FÁS faoi scáth nó faoi Phátrúnacht Chumann Íosa in Éirinn. Tá míle fáilte roimh inspioráidí ó thraidisiúin eile de chuid na Críostaíochta. Déanfar gach iarracht comhoibriú le tograí eile de chuid Chumann Íosa in Éirinn gan bac a bheith orainn comhoibriú le dreamanna eile a bhfuil na spriocanna céanna acu. Leanfar leis na cruinnithe a bhíonn againn go tráthrialta le Cúigeach Chumann Íosa in Éirinn agus cuirfear cóipeanna den Phlean ar fáil dó i ndiaidh a fhoilsithe.

3.5 Cúrsaí Rialachais

Maidir le comhrialachas do charthanachtaí, tá muid tiomanta don chód rialachais do charthanachtaí a chur i bhfeidm do T/FÁS a bheas mar shampla de dhea-chleachtas ó thaobh rialachais de agus cuirfear an próiseas sin ar siúl ó thús go deireadh ré an Phlean. Foilsíodh ‘cód nua rialachais’ bliain ó shin (2019) agus cuirfidh Timire/FÁS i bhfeidhm é ó 2020 ar aghaidh.

3.6 Fís Chumann na bhFoilsitheoirí

Bhí ceardlann i bhfómhar na bliana 2020 ag Cumann na bhFoilsitheoirí a bhfuil T/FÁS mar bhall de agus ba mhaith linn a dhearbhu go bhfuil sé i gceist againn tríd an Phlean seo tacú go hiomlán leis an toradh a bhí ar obair na ceardlainne sin inar dearbhaíodh Fís agus Misean an Chumainn.

Fís

Pobal na Gaeilge a cheiliúradh, a spreagadh agus a shaibhriú tríd an léitheoireacht.

Misean

Léitheoireacht na Gaeilge a chothú trí leabhair den scoth a chur ar fáil agus an pobal a spreagadh lena léamh.

RANNÓG 4

FOILSEACHÁIN

4.1 Caomhnú na hOidhreacht

Measadh gurb é seo an mana ba cheart a bheith againn do gach gné den fhoilsitheoireacht a dtabharfar fúthu feasta. Cuimsíonn sé iomlán ár gcuid oibre ar bhealach simplí intuigthe agus tá sé san fhaisean go mór maidir le cúrsaí timpeallachta agus éiceolaíochta i gcoitinne le blianta beaga anuas.

Chomh maith leis an méid sin, molaimid mar chuid den chaomhnú sin go leanfar ar aghaidh leis na comhráite atá tosaithe againn cheana féin le Boston College agus le dreamanna eile le seanleabhair agus gné-altanna as Irisí an Timire a chur ar fáil don phobal ar dhóigheanna éagsúla (a) i bhfoirm cruafhoilseacháin agus (b) trína ndigitiú agus trína gcur ar fáil ar shuíomh idirlín do phobal i bhfad níos leithne. Má éiríonn le togra mar sin, b'fhiú smaoineamh ar iomlán ar foilsíodh go dtí seo sa Timire a chur ar fáil i bhfoirm léite ar an idirlíon agus rochtain a bheith ag léitheoirí agus ag lucht taighde sa bhaile agus ar fud an domhain ar ábhar na hirise. Is taisce luachmhar stairiúil anois na haltanna sin agus bheadh tarraingt, dar linn, ag go leor daoine in Éirinn agus ar fud an domhain orthu.

4.2 Spriocanna Cinnte

Measadh go raibh géarghá le **spriocanna cinnte a leagan amach** do T/FÁS agus tosaíodh ar an obair sin a réiteach agus a leagan amach. Tá an méid sin tuillte sa chéad áit ag ár gcuid síntiúsóirí agus sa dara háit ag pobal níos leithne ná sin a chuireann suim san obair a bhíonn ar siúl againn agus sna foilseacháin a chuirimid amach go rialta. Tá gach iarracht déanta na sainmhínte go léir a bhfuil tagairt dóibh sa Phlean a chur i láthair ar bhealach intuigthe trí mheán na bhfoilseachán féin. Lena chois sin, ba mhaith linn go mbeadh na spriocanna go léir insroichte againn féin taobh istigh dár n-acmhainní agus ag ár léitheoirí.

4.3 Bunábhar na bhFoilseachán

Chinn an Fochoiste ó thús gur cheart na moltaí seo a leanas a chur chun cinn agus gur cheart iad a chur i bhfeidhm feasta mar threoir, mar chuidiú agus mar thacaíocht d'obair T/FÁS le hobair na foilsitheoireachta a éascú agus a nuálú sa tsaoil chomhaimseartha ina mairimid.

- (i) Go mbeadh **Téamaí rialta** á bplé sa Timire ag cur san áireamh **thorthaí na Suirbhéanna** a rinneadh in 2014/15³ agus in 2019.
- (ii) Go lorgófaí léirmheasanna ar ár gcuid foilseachán le foilsiú sa Timire agus in irisí eile.
- (iii) Go mbeadh **Cúinne Teagaisc na hEaglaise** sa Timire go rialta,

³ Tuilleadh eolais le fáil in Aguisín A i ndeireadh an Phlean.

ag plé le hábhair spéise na léitheoirí (e.g. *urnaithe, eolas stairiúil*, srl.) mar a léiríodh sna Suirbhéanna thuas agus ábhar breise eile a chur leo. Luadh an **Éiceolaíocht** go speisialta mar théama breise.

- (iv) Moltar cuid den ábhar sin a scaipeadh ar na meáin shóisialta tríd an chuntas Giolcaireachta/Twitter atá againn agus ar Face Book.
- (v) Moltar úsáid an Idirlín agus na Meán Cumarsáide a láidriú go mór ar mhaithe le bolscaireacht a rachadh chun tairbhe an Timire agus FÁS i gcoitinne.

4.4 Coistí Éagsúla Timire/FÁS

Tá coistí éagsúla bunaithe ag Timire/FÁS agus moltar na gnéithe seo a leanas d'obair na gcoistí sin a shoiléiriú agus teannadh suas a dhéanamh ar na modhanna oibre atá i bhfeidhm faoi láthair.

- (i) Cuirfear téarmaí tagartha as an nua ar fáil do Choiste FÁS agus do Choiste an Timire araon ar mhaithe le comhairle a sholáthar go tráthrialta d'eagarthóir(i) an Timire agus FÁS⁴.
- (ii) Moltar an polasaí eagarthóireachta atá ann faoi láthair don Timire agus do FÁS a dhaingniú agus a iomlánú le freastal go cuí ar an obair ar fad a bhaineann le gnó na heagarthóireachta.⁵ Is riachtanach **Stíl Tí** a bhunú chuige seo. Tá réamhobair mhaith déanta cheana féin sa réimse seo.⁶ Tá sé mar sprioc againn na treoirlínte agus na mionsonraí a bhainfidh lenár **Stíl TÍ** a fhoilsiú in arrach na bliana 2021. Is tosaíocht againn an méid sin sa chéad tréimhse den Phlean.
- (iii) Cuirfear ceardlanna ar bun go tráthrialta faoi na mórábhair seo a leanas:
 - (a) Ábhar agus Téamaí don Timire agus do na trí Leabhar a bhíonn beartaithe gach bliain mar aon le gnéithe éagsúla a bhaineann le cúrsaí eagarthóireachta i gcoitinne. Beidh béim ar leith ar Ghrúpaí Fócais.

⁴ Tá tuilleadh eolais faoi na téarmaí tagartha sin le fáil in Aguisín B.

⁵ Tá na moltaí nua le fáil in Aguisín C.

⁶ Féach a bhfuil leagtha amach in Aguisín D.

(b) Aitheantas cuí a thabhairt do dhaoine éagsúla ón taobh amuigh a bhíonn ag cuidiú le Timire/FÁS e.g. *léitheoirí profa, eagarthóirí, aistritheoirí*, srl., trí chuireadh a thabhairt dóibh chuig cruinnithe ar leith agus go nglacfaí buíochas leo.

- (iv) Moltar go leagfar síos roimh ré gach bliain dátaí do chruinnithe ina ndéanfar scrúdú ar dhul chun cinn agus ullmhú na bhfoilseachán, cúrsaí eagarthóireachta agus ceardlanna cuí. Seo cuid den dea-chleachtas rialachais a luadh thuas.
- (v) Moltar go dtabharfaí tús áite do *Slí na Muintire* atá idir lámha le tamall agus an obair a thabhairt chun críche agus a chur i riocht a fhoilsithe roimh dheireadh 2021.
- (vi) Molann an Fochoiste leanúint leis an obair atá ar siúl cheana féin ag roghnú scothaltanna as an Timire a foilsíodh ón bhliain 1990 i leith le súil iad a athfhoilsiú mar eagráin speisialta de réir mar is acmhainn do T/FÁS é sin a dhéanamh.
- (vii) Déanfar athchlónna ar leabhráin áirithe de réir mar a bheas éileamh orthu. Socróidh an Fochoiste Airgeadais agus Pleanála costas na n-athchlónna le cead an Chomhchoiste.
- (viii) Déanfar gach dícheall seoltaí rialta a dhéanamh ar fhoilseacháin in Ionaid atá tarraingteach ag an phobal agus go seachnófar, nuair is feidir é, aon iomaíocht le seoltaí eile ar leabhair Ghaeilge.

RANNÓG 5

MARGAÍOCHT

5.0 Réamhrá

Is cuid de chroí-obair T/FÁS ábhar na rannóige seo. Gnéithe ríthábhachtacha den mhargaíocht **cúrsaí ballraíochta T/FÁS agus cúrsaí díolacháin** agus is den riachtanas é go ndéanfaí na gnéithe seo a fhorbairt lámh ar lámh le chéile. Tá na moltaí atá againn bunaithe ar an riachtanas sin agus ar an chomhbhaint agus ar na ceangail atá idir na páirteanna éagsúla i bhforbairt polasaithe agus pleananna oibre T/FÁS.

5.1 Na Príomh-Mholtaí

Seo a leanas na príomh-mholtaí atá againn d'fhorbairt T/FÁS sna cúig bliana atá amach romhainn agus na bealaí oibre a ba cheart dúinn a tharraingt orainn féin sa chéad tréimhse 5 bliana ina dhiaidh sin le tógáil ar an obair a bheas tugtha chun críche againn sa chéad tréimhse.

- (a) Tá riachtanas agus géarghá le hullmhú (a) Plean Margaíochta agus (b) Scéimeanna ar leith do chúrsaí foilseachán i gcoitinne. Ba cheart dlús a chur leis an obair seo láithreach agus tosaíocht ar leith a thabhairt di.
- (b) Caithfear gach iarracht a dhéanamh cur le líon na mball atá ag T/FÁS mar gur orthu a bhraithimid. Braitear go bhfuil an t-am tráthúil le cruth agus leagan amach nua a chur ar an Timire. Chuige sin níor mhór do ghrúpa beag roinnt tuairimí a chur i gceann a chéile agus iad a roinnt lenár léitheoirí lena dtuairim siúd a fháil. Ba cheart an óige a tharraingt isteach ar an ngrúpa seo go bhfeicfimis cé na smaointe atá acu faoin scéal. Seans go gcaithfear sainmhíniú a thabhairt ar an Óige!! Tá roinnt mhaith oibre déanta cheana féin le dhá bhliain anuas le líon na mball a ardú agus tá toradh ag teacht air sin anois. Tá tuilleadh mór le déanamh go fóill, áfach.
- (c) An **Clubleabhar** a fhorbairt ar shlite a bheadh tarraingteach do léitheoirí comhaimseartha. **Nuachtlitir** nó bealaí éigin nuálacha eile teagmhála a úsáid lena ndearadh agus lena scaipeadh go rialta ar ár bpobal léitheoireachta. Ó tharla go bhfuilimid tiomanta líon na mball atá againn a mhéadú go 200 le linn thréimhse 5 bliana an Phlean, beidh ar ár gcumas caidreamh níos minice a bheith againn leo.
- (d) **Na sainleabhair agus sárleabhair eile** atá againn a aithint agus a chur os comhair an phobail in athuair. Moltar stóras na leabhar atá againn a bhreithniú agus liosta(í) leabhar a ullmhú agus a chur ar fáil i bhfoirm **Catalóige**. Díolfar na leabhair ón stóras ar luach íseal mar shladmhargadh le súil léitheoirí nua a mhealladh. Déanfar gach uile iarracht na leabhair ón stóras atá againn a bhreithniú mar aon leis na leabhair nua a bheifear a fhoilsiú agus iad a dhíol ar na gnáthbhealaí.

Coinneofar súil ghéar go rialta ar na leabhair de chuid an T/FÁS a bhíonn ag dul as cló le súil go mbeidh réamhullmhúchán ar siúl agus réiteach cuí déanta le heagrán nua a chur ar fáil a luaithe is a bhíonn an t-eagrán deiridh ar tí imeacht as cló. Is léiriú an ráchairt a bhíonn ar chuid mhaith de na leabhair a fhoilsíonn T/FÁS go bhfuil tarraingt nach beag ag ár bpobal léitheoirí ar leabhair a mbraitheann siad fiúntas leo mar fhoinsí eolais agus mar lón léitheoireachta. Is é ár gceart tacú leo ar gach bealach nuair is acmhainn dúinn é. Bhí *Kozka* áirithe ar cheann de leabhair na bliana ar ghearrliosta Oireachtais 2019.

- (e) Caithfear **liosta siopaí** a ullmhú – teagmháil a dhéanamh le Columba Press agus le *litríocht.com*, i measc dreamanna eile le súil poiblíocht a fháil agus aird an phobail a tharraingt ar ár gcuid oibre. Caithfear caidreamh níos dlúithe a bhunú le siopaí ina ndíoltar leabhair Ghaeilge agus leabhair a bhíonn ag plé le spioradáltacht na hÉireann agus le cúrsaí spioradáltachta i gcoitinne. Chuige sin is ceart a chinntiú go mbeidh foilseacháin T/FÁS ar fáil i siopaí ar fud na tíre.
- (f) Níl amhras ar bith ach go bhfuil **gníomhairí** de dhíth go crua don obair seo. agus gur cheart bheith ag ullmhú chuige sin agus plean gearrthréimhseach (cúig bliana) gnímh agus oibre a réiteach.
- (g) Moltar labhairt le **COGG, Glór na nGael** agus le dreamanna ábhartha eile faoi scéal **dháiliú na leabhar**, srl., le súil cúrsaí dáilithe agus díolacháin a fheabhsú. Is ceart nasc agus teagmháil níos rialta a bheith againn le hÁIS agus le dáilitheoirí ábhartha eile le fáil amach go cinnte cá ndáileann siad na leabhair go léir a bhíonn faoina gcúram. Mar chuid den obair seo rachfar i gcomhairle le Michael Brennan (Díoltóir leabhar) le súil cead a fháil liostaí breise atá acusan a fháil le cur leis an bhonnachar teagmhálacha atá againn féin.

5.2 Gnéithe eile Teagmhála

Seo a leanas roinnt moltaí breise atá againn maidir le teagmháil agus cumarsáid a choinneáil leis na páirtithe leasmhara ar fad.

- (a) Cuirfear tuairisc i láthair Chomhchoiste an Timire ag gach uile chruinniú dá gcuid maidir le dul chun cinn an Phlean. Coinneofar baill an Chomhchoiste ar an eolas faoi aon athrú a bheifear a bheartú ar spriocanna an Phlean agus ar na cúiseanna atá le hathrú ar bith atáthar a mholadh lena dtacaíocht a fháil.
- (b) Tionólfar cruinnithe ó am go chéile de réir riachtanais le comhlachtaí meáin chumarsáide agus le lucht saineolais eile a d'fhéadfadh a ghabháil chun tairbhe dúinn.
- (c) Maidir le **margaíocht** i gcoitinne, ba chóir iarracht a dhéanamh mac léinn margaíochta a fhostú ar feadh tréimhse ghairid le tús a chur leis na

réamhullmhúcháin riachtanacha atá leagtha amach againn, ina measc na nithe seo a leanas:

- (i) Bileoga Eolais ar chaighdeán an-ard a ullmhú agus a dhearadh le scaipeadh agus le bheith ar fáil le dáiliú ar an phobal ag gach ócáid a bheidh againn.
- (ii) Teagmhálaithe a aimsiú i Lárionaid ar leith ar nós an Nano Nagle Centre agus comhfhreagras leanúnach a bheith againn leo.

Príomh-Mholtaí Phlean 2021-2025

- (a) Bunchuspóirí agus bunaidhmeanna an Phlean bunaithe ar *Fís agus Misean an Timire/Fás* mar atá leagtha amach sa Phlean.
- (b) Tá an Plean ag teacht leis na tosaíochtaí nua a d'fhoilsigh Uachtarán Ginearálta Chumann Íosa sa bhliain 2019.
- (c) Tá an Plean tiomanta don chód nua rialachais do charthanachtaí (2019).
- (d) Is é *Caomhnú na hOidhreachta* an mana a bheas taobh thiar de gach gné den fhoilseoireacht a dtabharfaidh Timire/FÁS faoi le linn Phlean 2021-2015.
- (e) Cinneadh spriocanna cinnte a leagan amach do Timire/FÁS.
- (f) Moltar an t-ábhar a bheas i bhfoilseacháin Timire/FÁS as seo amach a iomlánú, a neartú agus a thabhairt suas chun dáta le plé le saol ár linne – úsáid an idirlín, na meáin shóisialta, tábhacht na hÉiceolaíochta agus suimeanna ár léitheoirí mar a léiríodh iad in dhá shuirbhé i 2014/15 agus 2019.
- (g) Déanfar gach iarracht cloí leis na téarmaí tagartha cinnte atá leagtha amach do na Coistí go léir a thiteann faoi chúram Timire/FÁS.
- (h) Láidreofar polasaí eagarthóireachta Timire/FÁS agus bunófar Stíl Tí le freastal ar gach uile ghné den obair seo.
- (i) Tabharfar tús áite d'ullmhú téacsanna tábhachtacha i bhfoirm leabhar atá idir lámha le tamall anuas agus don roghnú atáthar a dhéanamh ar scothaltanna as an Timire ón bhliain 1990 ar aghaidh le hathfhoilsiú a dhéanamh orthu i bhfoirm leabhráin faoi théamaí ar leith.
- (j) Breithneofar stóras na leabhar atá ag Timire/FÁS le hiarracht a dhéanamh sampla ionadaíoch de na sainleabhair agus de na sárleabhair eile atá againn a chur os comhair an phobail in athuir. Chuige sin ullmhófar Catalóg de na liostaí sin le dáiliú ar an phobal.
- (k) Tá moltaí bunúsacha le leagan amach d'fhorbairt na margaíochta agus do scéimeanna eile foilsitheoireachta agus déanfar freastal ar na gnéithe tábhachtacha, riachtanacha a bhaineann le gach gné den obair sin.
- (l) Déanfar iarracht cur le líon na mball atá ag an Timire de réir a chéile agus déanfar an Club Leabhar a fhorbairt ar bhealaí a bheas nua-aimseartha agus tarraingteach.

AGUISÍN A

Suirbhéanna 2014 & 2019

Suirbhéanna ar ábhar inspéise léitheoirí An Timire


Rinneadh dhá shuirbhé i measc léitheoirí An Timire (800 ball) le sé bliana anuas le fáil amach cé na hábhair léitheoireachta a ba mhaith leo a fheiceáil in An Timire feasta. Rinneadh an chéad suirbhé sa bhliain 2014/15 agus an dara ceann sa bhliain 2019. Tugadh saoirse do na freagróirí rogha a dhéanamh as roghanna a luadh sna ceisteanna agus iarradh orthu roghanna breise a lua nuair a mheas siad tábhacht a bheith leo dóibh féin mar úsáideoirí na hirise.

Tá an-chosúlacht idir na freagraí a tugadh sa dá shuirbhé ach tháinig roinnt éagsúlachta chun cinn sa dara suirbhé (2019) a léiríonn ábhair nua a bhaineann leis an athrú saoil atá i ndiaidh a theacht chun cinn le tamall de bhlianta anuas. ⁷

Tá torthaí an dá shuirbhé coimrithe sna léaráidí seo a leanas.

Torthaí suirbhé 2014


Moltaí le haghaidh Altanna					
Scéalta Pearsanta	Ar Dhaoine Aitheanta	Don Óige	Ar an Urnaí	Ár Spioradáltacht / Creideamh	Eile
79	63	38	52	72	31



¹Tagair d'eagráin an Timire 2014/15 agus 2019.

	Ábhair a Thaitníonn Liom
--	---------------------------------


Garraíodóireacht	Cócaireacht	Faisean /Áilleacht	Ealaín/Cultúr/Ceol	Spórt	Eile
46	26	15	76	38	22



Torthaí Suirbhé 2019


Ábhair a Thaitníonn le Daoine

Scéalta Pearsanta	An Ghaeilge & Cúrsaí Teanga	Scéalta faoi dhaoine aitheanta	Spioradáltacht & Cúrsaí Creidimh	Ealaíon, Cultúr, Ceol	Cúrsaí Sóisialta & Eiceolaíochta	Ar an Urnaí	Garraíodóireacht/ Nádúr	Crosfhocal, Puzail, Cuardachfocal	Cócaireacht
100	86	81	73	73	70	56	52	45	38



Moltaí le haghaidh Altanna

Scéalta Áitiúla / Gael-tachta	Spioradá -ltacht Dhúchasach	Altanna faoin mBíobla	Scéalta faoi Dhaoine Aitheanta	Sláinte Coirp	Spórt / Cluichí				
71	66	60	48	35	35				



AGUISÍN B

Coistí Éagsúla TIMIRE/FÁS

(a) Comhchoiste TIMIRE/FÁS

Is é seo an coiste a riaráíonn obair agus gnó Timire/FÁS. Bunaíodh é sa bhliain 2013. Tá an Stiúrthóir/tEagarthóir (an tAth. Frainc Mac Brádaigh faoi láthair) freagrach don Chomhchoiste. Níl an Comhchoiste ar bun go foirmiúil mar Bhord Stiúrtha go fóill ag Cumann Íosa ach táthar ag súil go ndéanfar sin in am tráth nuair a bhíonn an Plean seo faomhaithe ag an Chumann.

Is iad seo a leanas baill an Chomhchoiste faoi láthair 2020.

Frainc Mac Brádaigh SJ (Cathaoirleach), Frank Allen (Rúnaí), Dónall P. Ó Baoill, Michelle Ní Ríordáin, Bláthnaid Ó Bhrádaigh, Dónall Ó Conaill, Piaras Mac Siachais SJ, Eilís Ní Mhearáí, Martina Mhic an Phríora agus Fionnuala Mac Aodha.

(b) An Fo-Choiste Airgeadais agus Pleanála

Bhunaigh Comhchoiste TIMIRE/FÁS an Fo-Choiste seo sa bhliain 2017. Is é an cúram a cuireadh air (a) treoir agus moltaí a thabhairt faoi chúrsaí airgeadais agus pleanála, (b) déileáil le caiteachas is fáltais chomh fada agus a bhaineann sé le gach gné d'obair TIMIRE/FÁS. Is é an Fo-Choiste seo a tharraing le chéile an Plean atá ullmhaithe agus á fhoilsiú i mbliana 2020. Is ar an Choiste seo fosta a thitfidh na freagrachtaí a bhainfidh le cur i bhfeidhm an Phean.

Is iad seo a leanas baill an Fho-Choiste.

Dónall P. Ó Baoill (Cathaoirleach), Frank Allen (Rúnaí), Frainc Mac Brádaigh SJ, Dónall Ó Conaill agus Bláthnaid Ó Bhrádaigh.,

(c) Coiste an TIMIRE

Coiste é seo atá fíorghníomhach le blianta fada. Is é an cúram is mó a bhíonn air altanna a sholáthar le foilsiú sa TIMIRE agus go háirithe altanna a thugann léiriú ar intinní an Phápa. Tugann baill an Choiste tacaíocht fosta don fhoireann ó am go chéile.

Is iad seo a leanas baill an Choiste.

Caitriona Ní Chatháin, Mairéad Ní Bhuachalla, Aideen McBride, Dónall Ó Conaill agus Fionnuala Mac Aodha (Rúnaí)

AGUISÍN C

Cúrsaí Foilsitheoireachta

(1) Polasaí Foilsitheoireachta don Timire is do FÁS (Márta 2019).

Is teach foilsitheoireachta de chuid Chumann Íosa do Phobal na Gaeilge é **TIMIRE/FÁS**. Ós teanga phobail í an Ghaeilge, beidh altanna an Timire is leabhair FÁS dírithe ar ghnáthléitheoirí fásta, idir óg is aosta, scríofa i nGaeilge a bheas so-léite, a aithníonn cearta canúna, agus atá beacht ó thaobh na gramadaí de gan a bheith ró-righin. Ba cheart go mbeadh substaint iontu ó thaobh ábhair mharana agus smaointeoireachta de. Ba cheart fosta go mbeadh siad téagartha, inléite agus gan a bheith trom. Ag an am chéanna ní bheidh siad gann ná tanaí ó thaobh na scríbhneoireachta.

(2) Croí-théamaí d’altanna sa Timire agus do Leabhair FÁS:

Seo a leanas liosta de na téamaí is minice a phléitear sa Timire.

Daonnacht Íosa Críost, (Dia inár measc), Creideamh, An Ceart agus An Chóir, Spioradáltacht, Machnamh (Smaointeoireacht), Urnaí nó múscailt meanma don lá inniu, Cúrsaí Timpeallachta, Athnuachan na hEaglaise, Pobal Dé.

Altanna seasta a bhíonn i ngach eagrán den Timire.

Intinní an Phápa – Aspalacht na hUrnaí/ Líonra Domhanda Urnaí an Phápa.

Altanna Eile

Gné den chultúr dúchais nó na Gaeltachta, Cúrsaí Timpeallachta, Gné den Chreideamh nó den Dóchas Chríostaí i bhfoirm Comórtais do dhaoine níos óige, Cúinne Ceardaíochta; Agallaimh, taithí dhaonna, stíl bheatha, cúrsaí cultúir is ealaíne agus na luachanna saoil a bhaineann leo,

Ní bheidh alt ar gach ábhar acu sin i ngach eagrán ach déanfar iarracht altanna ar na hábhair sin a bheith sa Timire go rialta.

(3) Leabhair FÁS

Bíonn réimse leathan ábhar sna leabhair a fhoilsíonn FÁS. Rinneadh plé ar ghnéithe mar iad seo a leanas sna leabhair a foilsíodh go dtí seo.

Spioradáltacht, Diagacht nó na Scríptúir, Urnaí, Machnamh, Ábhar marana, Fealsúnacht, Antraipeolaíocht, Ceisteanna Cirt, Creidimh agus Timpeallachta, Cultúr nó Litríocht dhúchasach nó idirnáisiúnta Chríostaí, Daonnacht Chríostaí, Cultúr an lae inniu, Ealaín, Ceol, Stíl Bheatha, an Eacnamaíocht agus na luachanna saoil a bhaineann leo,

Rannóga i gCatalóg FÁS

Tá atheagar agus forlíonadh á dhéanamh faoi láthair ar ábhar na leabhar atá agus a bheas i gCatalóg FÁS. Seo a leanas sampla ionadaíoch de na hábhair a mbeadh glacadh leo i bhfoilseacháin FÁS.

Beathaisnéis nó Dírbheathaisnéis, Diagacht, Scríptúir, Spioradáltacht, Urnaí nó Liotúirge, Filíocht, na Misin, Forbairt Pobail thar lear.

Ilghnéitheach - *Leabhair Taistil, leabhair, Úrscéalta/Úrscéal Grafach, Díolaim aistí nó Gearrscéalta;*

Moltar go mbeadh suas le **20,000 focal nó os a chionn** sa ghnáthshaothar próis.

(4) Coiste Foilsitheoireachta TIMIRE/FÁS

Téarmaí Tagartha

Comhairle a thabhairt don Eagarthóir is do Chomhchoiste FÁS ar na nithe seo a leanas:

1. Dréachtpholasaí Foilsitheoireachta Timire-FÁS a bhreithniú is a aontú.
2. Réimsí na leabhar is na n-altanna atá le foilsiú, idir théamaí is sheánraí, a aontú.
3. Leabhair a thagann chugainn a bhreithniú ó thaobh a oiriúnaí is atá siad mar leabhair FÁS.
4. Údair a lorg agus cabhrú leis an Eagarthóir leabhair a choimisiniú.
5. Trí (3) leabhar ar ardchaighdeán, agus ceithre (4) eagrán shlactmhara den Tífmire a fhoilsiú gach bliain go ceann 5 bliana.
6. Freastal ar 3/4 chruinniú sa bhliain ag am agus ag ionad a oireann do bhaill an ghrúpa teacht le chéile.

Is iad seo a leanas Baill an Choiste Foilsitheoireachta (2020)

Fionnuala Mac Aodha (Rúnaí), Liam Mac Amhlaidh, Micheál Mac Craith OFM, Michelle Ní Ríordáin, Marie Whelton agus Pádraig Ó Cairbhre SJ.

Is riachtanach go mbeadh cur amach agus eolas ag baill an choiste seo ar ghnó na foilsitheoireachta agus tuiscint ar chreideamh is ar chultúr Críostaí na hÉireann.

Feidhmiú an Choiste i gcás Easaontuithe

Sa chás nach mbeidh aontú idir baill an choiste, cuirfidh an coiste a gcuid moltaí os comhair an eagarthóra le cur chuig Comhchoiste Timire/FÁS a dhéanfaidh an socrú deireanach.

Díreofar na foilseacháin ar ábhair spéise do dhaoine meánaosta nó níos óige.

